# Ceardlann Drámaíochta do Seachtain na Gaeilge

**Aidhmeanna:**

- Spiorad spraoiúil a chothú ina gcuirtear béim ar an Ghaeilge Labhartha
- Comhoibriú agus obair foirne a chothú tríd béíma chur ar scileanna teanga a shnaoimh le scileanna amharcach agus scileanna drámaíochta
- Cultúr Gaelach a phlé ar mhódh spraoiúil

**Treallamh:**

- Liathróid bog
- Páipéar agus pinn/mearcair
- Treallamh ceoil

| **Tasc** | **Gníomh** | **Aidhm** |
|---|---|---|
| Fócas | Bleachtaire an Rithim/ an ghluaiseacht | Aird an ghrúpa a tharraingt le chéile ar mhódh spraoiúil.<br>Tríd díriú ar tascanna ar nós féachaint, éisteacht agus cóipeáil ta fuinnimh na rannpháirtíthe ag ardú . |
| Téamh | Cad a fheiceann sibh sa seomra?<br><br>Cad nach bhfeiceann sibh sa seomra? | Tús a chur le béim a chur ar teanga ar mhódh simplí agus gan móran deacracht.<br>Tús a chur le obair samhlaíoch.<br>Tugann an gluaiseacht timpeall an tseomra deis do na daoine óga meon a athrú agus scoileadh le beagán fuinnimh. |
| Díriú Fuinnimhe/ Múscailt Samhlaíochta | Gaolta Leis (le liathróidí) | Forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú agus tús a chur le plé don.<br>Fairsingiú a dheanamh ar foclóir agus muinín a fhorbairt i leith labhairt na teanga ós comhair an ghrúpa. |
| Tasc Chruthaitheach | Scéalaíocht le focla<br>Pictiúir a tharraingt i mbeirteanna | Béim ar labhairt agus cumadóireacht ar mhódh samhlaíoch.<br>Nasc le scileanna amharcach agus teanga chun tacú leis an bhfoghlaim. |
| Athbhreathnú | Cur Síos ar phictiúir agus dealbh pictiúir i mBeirteanna | Seans an phróiséis chruthaitheach a chríochnú tríd taispeánta, comhoibriú agus nasc le aiscsean fisiciúil chun tacú leis an bhfoghlaim. |
| Fuaireadh | Cluiche Ceoil is Cathaoireacha | Cluiche iomlán difriúil chun atmaisféar a athrú agus go bhfágfadh na rannpháirtíthe le fuinnimh ardaithe tar éis go leor díriú a dhéanamh. |

**Módh Oibre:**

## Bleachtaire an Rithim/ an ghluaiseacht

- Gach duine ag suí i gciorcal.
- Roghnaigh bleachtaire chun an seomra a fhágáil.
- Roghnaigh ceannaire agus rithim (bualadh bos, cliceáil méaracha nó mar sin). Beidh gach duine sa chiorcal ag déanamh aithris ar an duine sin. Athraíonn an ceannaire an rithim gach 20 soicind nó mar sin.
- Nuair a thagann an bleachtaire ar ais seasann sé i lar an chiorcail agus leanann an ceannaire ar aghaidh ag athrú an rithim aguus gach duine ag déanamh aithris air.
- Déanann an bleachtaire iarracht an ceannaire a aimsiú. Tá trí dheis aige.

**Cad a fheiceann sibh sa seomra?**

- Ina mbeirteanna, bíonn A agus B.
- Tosaíonn A agus deireann sé/sí rud amháín go bhfeiceann sé sa seomra (m.sh fuinneog, postear, cuirtín).
- Ritheann an beirt go dtí an rud sin agus leagann siad lámh air. Deireann B rud a fheiceann sé/sí sa seomra agus téann siad go dtí an rud sin.
- Caithfidh siad é seo a dhéanamh go fuinnimhúil gan aon bheirt ag dul go dtí an ait céanna ag an am céanna agus ár ndóigh gan aon duine ag bualadh in aghaidh a chéile.

**Cad nach bhfeiceann sibh sa seomra?**

- Sna beirteanna céanna caithfidh siad an tasc céanna a dhéanamh ach an uair seo ainmneacha difriúla a thabhairt do na rudaí a fheiceann siad (m.sh in áit fuinneog is féidir leo griangraf a rá, in áit poster is féídir leo cispheil a rá & irl).
- Tabhair dúshlán dóibh rudaí áiféiseacha agus neamhghnách a rá chun a samhlaíocht a spreagadh, mar shampla traein, bád agus mar sin de.

**Gaolta Leis (le liathróid)**

- Gach duine ag seasamh i gciorcal.
- Caitheann duine amháin liathróid ag rá focal amháin. (Is féidir leis an áisitheoir an fhocal a roghnú ag braith ar téama faoi leith, mar shampla, Seachtain na Gaeilge, Cultúr Gaelach, Lá Fhéile Phádraig.)
- Cibé cén duine a chaitheann sé/sí an liathróid go dtí, caithfidh an duine sin an chéad fhocal eile a thagann isteach ina intinn a rá.
- Déan cinnte go bhfuil gaol ag gach fhocal leis an fhocal a chuaigh roimhe agus ní an chéad fhocal. Is dúshlán níos mó é sin mar go gcaithfidh siad smaoineamh ar an spota gach uair.

- Leanann an cluiche ar aghaidh mar sin go dtí go bhfuil an liathróid faighte ag gach duine ar feadh cúpla babhtha.
- Ina dhiaidh sula mbogtar ar aghaodh go dtí an chéad tasc eile is feidir plé a dhéanamh ar na focla agus téamaí, mar shampla, má luaitear Ógras le Gaeilge, céard iad na focla thagann ina dhiaidh sin? Cén tuairmí atá ag daoine maidir le Gaeilge, Ógras, Cultúr Gaelach, Secahtain na Gaeilge agus mar sin de.

**Scéalaíocht le focla**

- I mbeirteanna, roghnaigh A agus B.
- Tugann an áisitheoir trí fhocal don ghrúpa ar fad. Is féidir na focla a roghnú a tháinig amach as an cluiche leis an liathróid. Ní gá go mbeadh na focla gaolta lena chéile chun dúshlán níos mó a thabhairt dóibh. Mar shampla, peil, sagart, gorm.
- Tosaíonn A ag insint scéal do B agus caithfidh na focla sin a chur isteach sa scéal ar bhealach go ndéanann siad ciall sa scéal.
- Déanann gach beirt é seo ag an am céanna agus taobh istigh de dhá nóiméad.
- Tug deis do B scéal a chumadh bunaithe ar focla nua.
- Is féidir é seo a dhéanamh faoi dhó sa chaoi agus go bhfuil rogha do scéalta acu le hagahidh an chéad céim eile.

**Pictiúir a tharraingt i mBeirteanna**

- Sna beirteanna céanna, roghnaigh ceann amháin do na scéalta a cumadh.
- Tug páipéar agus mearcair dóibh agus tug cúig nóiméad dóibh pictiúir amháin a tharraingt ar pháipéar amháin a dhéanann cur síos ar an scéal a chum siad.
- Ní gá an scéal iomlán a tharraingt ach díreach an buaicphaointe nó an nóiméad is tábhachtaí sa scéal.

**Cur Síos ar Phictiúir agus Dealbh**

- Abair leis na beirteanna a bpictiúir a thabhairt do bheirt eile chun go mbeidh deis acu féachaint ar obair a chéile.
- Ina mbeirteanna, lena bpictiúir nua, déanann siad e a phlé lena chéile. Tug na ceisteanna seo a leanas dóibh chun cabhrú leo na bpictiúir a phlé agus an teanga a fhorbairt.
    - Cad a fheiceann sibh sa phictiúir?

    - Cad a chloistear sa phictiúir?
    - Cad iad na mothúchán atá sa phictiúir?
    - Cad iad na smaointe atá sa phictiúir?

- Tagann an cearthar le chéile agus insíonn siad da chéile faoi céard atá ag tarlú s aphictiúir agus sa scéal.

**Dealbh**

- Tagann an ghrúpa ar fad ar ais le chéile i gciorcal.
- Abair leo seasamh ag féachaint amach.
- Tá orthu smaoineamh ar rud amháin gur cuimhin leo ón ceardlann, b'fhéidir ón scéal a chum siad nó ón pictiúir go bhfaca siad.
- Comhaireann an áisitheoir óna trí go dtí a haon agus ag a haon, casann gach duine isteach agus déanann siad dealbh (cruth reoite) don rud atá ar intinn acu.
- Is féidir dul timpeall an chiorcail duine ar dhuine agus is féidir leo a rá focal amháin faoin rud atá a dhéanamh acu nó faoi céard a fheiceann siad.

**Cluiche Cathaoireacha 's Ceoil**

- Cur cathaoireach i gciorcal agus cur  ceol ar siúil.
- Bíonn na rannphairtíthe ag damhsa timpeall ar na cathoireacha go dtí go stopann an ceoil.
- Tá an té atá fágtha gan cathaoir amach as an chluiche.